2024/1651

7.6.2024

CINNEADH (AE) 2024/1651 ÓN gCOMHAIRLE

an 30 Bealtaine 2024

maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh i gCoiste Aontachais na Comhairle Siúcra Idirnáisiúnta a bhaineann le coinníollacha maidir le haontachas Stát Chuáit leis an gComhaontú Idirnáisiúnta Siúcra, 1992

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 207(4), an chéad fhomhír, i gcomhar le hAirteagal 218(9) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Rinne an tAontas an Comhaontú Idirnáisiúnta Siúcra, 1992 ('an Comhaontú') a thabhairt i gcrích trí bhíthin Chinneadh 92/580/CEE ón gComhairle ([1]) agus tháinig sé i bhfeidhm an 1 Eanáir 1993.

(2) De bhun Airteagal 45(2) den Chomhaontú, is féidir leis an gComhairle Idirnáisiúnta Siúcra síneadh a chur leis an gComhaontú le haghaidh tréimhsí comhleanúnacha, nach rachaidh thar 2 bhliain gach uair. Ó tugadh an Comhaontú i gcrích, cuireadh síneadh leis go tráthrialta. Cuireadh an síneadh deireanach leis an gComhaontú an 27 Samhain 2023 agus beidh sé i bhfeidhm go dtí an 31 Nollaig 2024.

(3) Foráiltear le hAirteagal 41 den Chomhaontú gur féidir le Rialtas gach Stát iarratas a dhéanamh ar aontachas don Chomhaontú i gcomhréir leis na coinníollacha arna mbunú ag an gComhairle Siúcra Idirnáisiúnta. Ag an gcéad chruinniú a bhí aici in 1993, bhunaigh an Chomhairle Siúcra Idirnáisiúnta de chuid an Choiste Aontachais, ar ar cuireadh de chúram breithniú a dhéanamh ar iarratais ar aontachas leis an gComhaontú Stát nach liostaítear san Iarscríbhinn a ghabhann leis. Tá an tAontas ina chomhalta den Choiste Aontachais.

(4) Tá sé curtha in iúl go foirmiúil ag Rialtas Stát Chuáit gur spéis leis aontú don Chomhaontú. I bhfianaise nach liostaítear Stát Chuáit san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gComhaontú, is gá coinníollacha maidir lena aontachas a bhunú. Dá bhrí sin, iarrtar ar an gCoiste Aontachais cinneadh a dhéanamh, trí chomhfhreagras a mhalartú, chun na coinníollacha maidir le haontachas Stát Chuáit don Chomhaontú a bhunú. Is iad na coinníollacha sin líon na vótaí, íocaíocht ranníocaíochta bliantúla, agus na hoibleagáidí tuairiscithe don Chomhairle Siúcra Idirnáisiúnta.

(5) Is chun leas an Aontais é coinníollacha maidir le haontachas Stát Chuáit a fhormheas faoin gcur chuige arna bhunú ag an gComhairle Siúcra Idirnáisiúnta i bhfianaise sheasamh Stát Chuáit mar allmhaireoir suntasach réigiúnach siúcra agus mar cheann scríbe onnmhairiúcháin seanbhunaithe siúcra a tháirgtear san Aontas.

(6) I gcomhréir le hAirteagal 25(4) den Chomhaontú, i gcás ina n-aontaíonn Stát don Chomhaontú tar éis theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe agus nach liostaítear é san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gComhaontú, tá an Chomhairle Idirnáisiúnta Siúcra le líon na vótaí a bheidh le leithdháileadh ar an Stát sin a chinneadh. Dá bhrí sin, déanfaidh aontachas Chuáit don Chomhaontú difear don chothromaíocht cinnteoireachta laistigh den Chomhairle Idirnáisiúnta Siúcra.

(7) Is iomchuí an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais i gCoiste Aontachais a bhunú,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Is é an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais i gCoiste Aontachais na Comhairle Siúcra Idirnáisiúnta, na coinníollacha maidir le haontachas Stát Chuáit don Chomhaontú Idirnáisiúnta Siúcra, 1992 ('an Comhaontú') a fhormheas, agus a áirithiú go ndéanfar líon na vótaí atá le leithdháileadh ar Stát Chuáit a ríomh i gcomhréir le hAirteagal 25(4) den Chomhaontú.

([1]) Cinneadh 92/580/CEE ón gComhairle an 13 Samhain 1992 maidir le síniú agus tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe Idirnáisiúnta Siúcra, 1992 (IO L 379, 23.12.1992, lch. 15).

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 30 Bealtaine 2024.

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán
H. LAHBIB